2025/2251

11.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2251 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2025

maidir leis na bearta i leith na huileghabhálachta chun críoch Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Cinneadh°94/168/CE, Euratom ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CCE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN), ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá na bearta maidir le huileghabhálacht ar cheann de na saincheisteanna a liostaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ó tháinig Cinneadh°94/168/CE, Euratom ón gCoimisiún ([3]) i bhfeidhm, tá feabhsuithe móra déanta ar chomhchuibhiú agus ar cháilíocht na mbeart maidir le huileghabhálacht arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin, ionas go mbeidh na sonraí maidir le hollioncam náisiúnta (OIN) iontaofa, uileghabhálach agus inchomparáide, ní mór na bearta maidir le huileghabhálacht a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus torthaí an fhíorúcháin sa réimse sin á gcur san áireamh. Léirigh fíorúchán OIN, go háirithe, gur gá na bearta a bhaineann leis na nithe seo a leanas a chomhchuibhiú a thuilleadh: (i) an chomparáid idir sonraí fostaíochta de réir foinsí déimeagrafacha agus an fhostaíocht is bun le meastacháin ar an olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh (OTI); (ii) coigeartuithe staidrimh a bhaineann le hioncam comhchineáil agus aiscí nó séisíní; (iii) úsáid faisnéise ó iniúchtaí fioscacha chun feabhas a chur ar uileghabhálacht meastachán OTI; agus (iv) na coigeartuithe staidrimh a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha.

(3) Is bealach éifeachtúil iad foinsí déimeagrafacha (amhail an suirbhé ar an bhfórsa saothair, daonáirimh) chun an fhostaíocht is bun le meastacháin OTI a bhailíochtú (rud atá ábhartha do thiomsuithe OTI de réir chuir chuige an táirgthe agus an ioncaim) nó chun coigeartuithe a dhéanamh ar OTI le haghaidh táirgeadh agus ioncam nár breathnaíodh. Rinneadh an suirbhé ar an bhfórsa saothair ar bhealach comhsheasmhach sna Ballstáit uile bunaithe ar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2240 ón gCoimisiún ([5]). Foinsí staidrimh gnó, amhail staidreamh struchtúrach gnó agus cláir ghnó staidrimh, a úsáidtear chun OTI a thiomsú sna Ballstáit uile, comhlíonann siad Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) (an 'Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach') agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún ([7]).

([1]) IO L 91, 29.3.2019, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/516/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an liosta saincheisteanna a ndíreofar orthu i ngach timthriall fíorúcháin a shainiú (IO L°428, 18.12.2020, lch.°9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/2147/oj).

([3]) Cinneadh°94/168/CE, Euratom ón gCoimisiún an 22 Feabhra 1994 maidir le bearta atá le glacadh i dtaca le cur chun feidhme Threoir° 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle maidir le tiomsú na holltáirgeachta náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh a chomhchuibhiú (IO L 77, 19.3.1994, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1994/168/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2240 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla chun faisnéis a tharchur agus lena sonraítear socruithe mionsonraithe agus inneachar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le suirbhé samplach a eagrú i bhfearann an lucht saothair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 336, 30.12.2019, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2240/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2020 lena leagtar síos sonraíochtaí agus socruithe teicniúla de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 271, 18.8.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1197/oj).

(4) Is feiniméin iad ioncam comhchineáil agus aiscí nó séisíní i ngach Ballstát, agus d'fhéadfadh sé gur ghá coigeartuithe a dhéanamh ar mheastacháin OTI chun iad a ghabháil.

(5) Is ann do chórais cánach ioncaim phearsanta agus cánach ioncaim corparáide agus do chórais cánach breisluacha, mar aon le sásraí iniúchta fioscacha comhfhreagracha, i ngach Ballstát. Féadfar faisnéis ó iniúchtaí fioscacha a úsáid chun coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh táirgeadh agus ioncam míthuairiscithe.

(6) Ó tháinig Rialachán (AE) Uimh.°549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) ('CCE 2010') i bhfeidhm, rinne na Ballstáit uile coigeartuithe ar OTI, i gcás inarb iomchuí, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha a thagann faoi réim theorainn an táirgthe a chur san áireamh.

(7) Dá bhrí sin, is ann do bhonneagar staidrimh agus riaracháin lena gcumasaítear comhchuibhiú breise na mbeart sin maidir le huileghabhálacht i ngach Ballstát.

(8) Ba cheart comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a bheith i gcomhréir le sainmhínithe ábhartha agus rialacha cuntasaíochta ábhartha CCE 2010.

(9) Chun na bearta maidir le huileghabhálacht a chomhchuibhiú a thuilleadh, ba cheart na bearta a leagtar síos i gCinneadh°94/168/CE, Euratrom a ionadú, agus ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh°94/168/CE, Euratom a aisghairm.

(10) Tá na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

An cuspóir agus an raon feidhme

Airteagal 1

Is é is cuspóir don Rialachán seo feabhas a chur ar uileghabhálacht OTI mar mhór-chomhpháirt de OIN na mBallstát a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoi réim theorainn táirgeachta CCE 2010. Áirítear leis sin gníomhaíocht eacnamaíoch atá dleathach inti féin ach nach ndéantar i gcomhréir le rialacháin chánach agus slándála sóisialta, chomh maith le gníomhaíocht eacnamaíoch atá neamhdhleathach de réir na reachtaíochta náisiúnta, ar choinníoll go ndéanfaidh gach aonad lena mbaineann na gníomhaíochtaí trí chomhaontú frithpháirteach, mar a leagtar síos in CCE 2010 mír°1.79.

Airteagal 2

Cé is moite de na bearta dá bhforáiltear faoi Chaibidlí 4 go 7 den Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit bearta tírshonracha breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar a mbearnaí uileghabhálachta.

CAIBIDIL 2

Uileghabhálacht

Airteagal 3

1. Bíonn meastacháin OIN agus OTI 'uileghabhálach' nuair a chuimsíonn siad:

(a) táirgeadh, ioncam príomha agus caiteachas a bhreathnaítear go díreach i suirbhéanna staidrimh nó i gcomhaid riaracháin; agus

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).

(b) táirgeadh, ioncam príomha agus caiteachas nach mbreathnaítear go díreach agus a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na feiniméin seo a leanas:

(i) aonaid atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de gan bheith i gcomhaid staidrimh;

(ii) imghabháil cánacha agus/nó préimheanna slándála sóisialta;

(iii) díolúine ón oibleagáid faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás cánach agus slándála sóisialta;

(iv) easnaimh staidrimh sna sonraí.

2. Is éard atá i gceist le haonaid atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de gan bheith i gcomhaid staidrimh dá dtagraítear i mír°(1)(b)(i) gan taifeadadh a dhéanamh i gcomhaid staidrimh ar aonaid atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de agus atá cláraithe leis na húdaráis fhioscacha nó leis na húdaráis slándála sóisialta, agus ar aonaid atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de nár chláraigh d'aon turas chun oibleagáidí cánach agus slándála sóisialta a sheachaint nó toisc go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha.

3. Is éard atá i gceist le himghabháil cánacha agus/nó préimheanna slándála sóisialta dá dtagraítear i mír°(1)(b)(ii) figiúirí a chur faoi bhráid na n-údarás cánach nó na n-údarás slándála sóisialta ina bhfuil easnaimh nó atá falsaithe.

4. Baineann an díolúine ón oibleagáid faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás cánach agus slándála sóisialta, dá dtagraítear i mír°(1)(b)(iii), le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) íostairseacha a bheith ann ó thaobh clárú sainordaitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó idirbhearta áirithe;

(b) díolúine grúpaí sonracha daoine nó fiontar;

(c) tuairisceáin pháirteacha a chur isteach nach sáraíonn na rialacháin lena rialaítear córais chánach agus slándála sóisialta.

5. Na heasnaimh staidrimh sna sonraí a dhéanann difear don uileghabhálacht, dá dtagraítear i mír°(1)(b)(iv), baineann siad le ceann amháin nó níos mó de na heasnaimh seo a leanas:

(a) sonraí atá neamhiomlán, nár bailíodh nó nach féidir a bhailiú go díreach;

(b) sonraí a láimhseálann, a phróiseálann nó a thiomsaíonn staitisteoirí go mícheart.

6. Is éard atá i gceist le huileghabhálacht staid an mheastacháin OTI a bheith uileghabhálach (agus staid an mheastacháin OIN a bheith uileghabhálach dá réir sin).

7. Is éard atá i gceist le neamh-uileghabhálacht staid an mheastacháin OTI gan bheith uileghabhálach (agus staid an mheastacháin OIN gan bheith uileghabhálach dá réir sin) mar gheall ar nach ndearnadh coigeartuithe uileghabhálachta iomchuí.

CAIBIDIL 3

Tuairiscí ar ríomhanna agus ar choigeartuithe lena n-áirithítear uileghabhálacht meastachán OTI

Airteagal 4

Soláthróidh na Ballstáit fardal de na foinsí agus de na modhanna a úsáidtear chun comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a tháirgeadh i gcomhréir le CCE 2010 ('Fardal OIN', mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1546 ón gCoimisiún) ([9]). Ina bhFardal OIN féin, áireoidh na Ballstáit tuairisc ar na bearnaí uileghabhálachta a sainaithníodh agus ar na modhanna a cuireadh i bhfeidhm chun uileghabhálacht a meastachán OTI a áirithiú agus luafaidh siad luach na gcoigeartuithe a rinneadh. Áireofar na gnéithe seo a leanas sa tuairisc sin:

(a) cineálacha neamh-uileghabhálachta a shainaithint a bhfuil gá le coigeartuithe ina leith mar thoradh ar neamhláithreacht, imghabháil nó díolúine, nó mar thoradh ar easnaimh staidrimh sna sonraí;

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1546 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear struchtúr agus comhshocruithe mionsonraithe maidir le fardal na bhfoinsí agus na modhanna a úsáidtear chun comhiomláin ollioncaim náisiúnta agus a gcomhpháirteanna a tháirgeadh i gcomhréir leis an gCóras Cuntas Eorpach, IO L°354, 26.10.2020, lch.°1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1546/oj.

(b) gnéithe aonair neamh-uileghabhálachta a shainaithint laistigh de gach cineál neamh-uileghabhálachta dá dtagraítear i bpointe°(a);

(c) cur i láthair a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na cineálacha agus na gnéithe neamh-uileghabhálachta a sainaithníodh nasctha leis na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun uileghabhálacht a áirithiú agus cur i láthair a dhéanamh ar fhorbhreathnú ar choigeartuithe a rinneadh le haghaidh na gcineálacha agus na ngnéithe éagsúla neamh-uileghabhálachta;

(d) tuairisc a thabhairt ar na modhanna uileghabhálachta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha agus na gnéithe neamh-uileghabhálachta a sainaithníodh.

Airteagal 5

1. Is iad na cineálacha neamh-uileghabhálachta dá dtagraítear in Airteagal°4(a) na cineálacha neamh-uileghabhálachta sin a liostaítear in Iarscríbhinn°I a ghabhann leis an Rialachán seo. Baineann na cineálacha neamh-uileghabhálachta sin leis an gcás ina bhfaightear na sonraí foinseacha ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí. Dá bhrí sin, cuirfear na cineálacha neamh-uileghabhálachta sin i bhfeidhm ar an gcéad dul síos san anailís ar uileghabhálacht i gcomhthéacs tiomsú OTI trí chur chuige an táirgthe. Is féidir iad a chur i bhfeidhm freisin ar an anailís de réir na gcineálacha cur chuige ioncaim agus caiteachais i leith OTI ar choinníoll go bhfaightear na sonraí foinseacha freisin ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí.

2. Féadfar na samplaí sin ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn°I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith ina ngnéithe aonair neamh-uileghabhálachta laistigh de gach cineál neamh-uileghabhálachta, dá dtagraítear in Airteagal°4(b), ach gan bheith teoranta dóibh.

3. Trí na cineálacha agus na gnéithe neamh-uileghabhálachta a sainaithníodh a nascadh leis na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun uileghabhálacht agus cur i láthair an fhorbhreathnaithe ar choigeartuithe a rinneadh le haghaidh na gcineálacha agus na ngnéithe éagsúla neamh-uileghabhálachta dá dtagraítear in Airteagal°4(c) a áirithiú, bainfear úsáid as na táblaí forbhreathnúcháin a bhfuil a n-inneachar riachtanach leagtha amach in Iarscríbhinn°II a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfar é sin ar an gcéad dul síos i gcás chomhpháirteanna chur chuige an táirgthe i leith OTI agus, ar choinníoll go bhfaightear na sonraí foinseacha ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí, le haghaidh na gcomhpháirteanna ábhartha de na cineálacha cur chuige ioncaim agus caiteachais i leith OTI.

CAIBIDIL 4

Comparáid idir sonraí fostaíochta de réir foinsí déimeagrafacha agus an fhostaíocht is bun le meastacháin OTI

Airteagal 6

Déanfaidh na Ballstáit comparáid idir sonraí fostaíochta de réir foinsí déimeagrafacha (soláthar saothair) agus an fhostaíocht is bun le meastacháin OTI (éileamh ar shaothar). Úsáidfear torthaí na comparáide sin chun coigeartuithe uileghabhálachta sainráite a dhéanamh le haghaidh táirgeadh agus ioncam neamhbhreathnaithe nó chun na meastacháin OTI a bhailíochtú. Déanfar an chomparáid gach 5 bliana ar a laghad, agus tosófar le timthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

Airteagal 7

1. Is iad an suirbhé ar an bhfórsa saothair nó an daonáireamh (lena n-áirítear na bunsonraí riaracháin) a bheidh sna foinsí déimeagrafacha le haghaidh an tsoláthair saothair dá dtagraítear in Airteagal°6.

2. Tógfar na sonraí maidir leis an éileamh ar shaothar dá dtagraítear in Airteagal°6 ó na foinsí staidrimh gnó a úsáidtear chun OTI a thiomsú, lena n-áirítear staidreamh struchtúrach gnó, an clár gnó staidrimh, foinsí eile a bhaineann le gnó, sonraí riaracháin nó meascán díobh sin.

3. Nuair a úsáidtear torthaí na comparáide dá dtagraítear in Airteagal°6 chun na meastacháin OTI a bhailíochtú, is iad na figiúirí fostaíochta is bun leis na meastacháin OTI a bheidh sna meastacháin fostaíochta chríochnaitheacha sna cuntais náisiúnta.

Airteagal 8

Sainítear in CCE 2010 míreanna°11.11 go 11.19 coincheap na fostaíochta atá le cur i bhfeidhm (a chomhfhreagraíonn don lucht saothair intíre). Ós rud é go n-úsáideann na foinsí déimeagrafacha coincheap difriúil fostaíochta (fostaíocht ar bhonn náisiúnta), déanfaidh na Ballstáit bearta chun í a ailíniú le sainmhíniú CCE 2010 chun críoch na comparáide dá dtagraítear in Airteagal°6. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad i gceist leis na bearta sin:

(a) cuimsiú neamhchónaitheoirí atá ag obair d'aonaid chónaitheacha, amhail oibrithe imirceacha neamhchónaitheacha, oibrithe trasteorann neamhchónaitheacha agus oibrithe séasúracha;

(b) eisiamh cónaitheoirí atá fostaithe ag táirgeoirí neamhchónaitheacha, amhail oibrithe trasteorann cónaitheacha agus oibrithe séasúracha;

(c) cuimsiú oibrithe cónaitheacha a bhfuil buanchónaí orthu in institiúid; is féidir leo cónaí agus oibriú i mbunaíochtaí comhchoiteanna (amhail príosúin nó saoráidí cúraim fhadtéarmaigh), comháitribh (amhail institiúidí reiligiúnacha) agus cóiríocht d'fhórsaí míleata;

(d) cuimsiú daoine in obair tháirgeachta chun a n-úsáide féin (e.g. gníomhaíochtaí talmhaíochta).

Airteagal 9

Agus an chomparáid dá dtagraítear in Airteagal°6 á déanamh ag na Ballstáit, cuirfidh siad bearta i bhfeidhm maidir leo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) raon feidhme na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá le breithniú le haghaidh na comparáide a chinneadh, agus úsáid á baint as an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach ('NACE'), mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh.°1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), agus códú sonraí fostaíochta NACE a chomhchuibhiú sna foinsí maidir le soláthar agus éileamh saothair;

(b) na sonraí fostaíochta a ríomh i dtéarmaí 'uaireanta oibre' (mar a shainítear in CCE 2010 mír°11.27) nó i dtéarmaí 'coibhéis lánaimseartha' (mar a shainítear in CCE 2010 mír°11.32);

(c) na cóimheasa iomchuí a chinneadh d'oll-bhreisluach nó d'aschur in aghaidh an aonaid saothair atá le cur i bhfeidhm ar an nganntanas lucht saothair díorthaithe (an difríocht idir na sonraí fostaíochta de réir foinsí déimeagrafacha ailínithe i gcomhréir le hAirteagal°8 agus an fhostaíocht is bun le meastacháin OTI) má dhéantar coigeartuithe uileghabhálachta sainráite le haghaidh táirgeadh neamhbhreathnaithe (i gcás oll-bhreisluacha agus a chomhpháirteanna) mar thoradh ar an gcomparáid.

Airteagal 10

Soláthróidh na Ballstáit san Fhardal OIN tuairisc ar an gcomparáid a rinneadh dá dtagraítear in Airteagal°6. Tosóidh sé sin leis an bhFardal OIN tar éis thimthriall fíorúcháin OIN 2025-2029. Má bhíonn coigeartuithe uileghabhálachta sainráite mar thoradh ar an gcomparáid, luafaidh na Ballstáit luach na gcoigeartuithe a rinneadh. Mura ndéantar aon choigeartú uileghabhálachta sainráite tar éis na comparáide sin, tabharfaidh na Ballstáit réasúnú san Fhardal OIN mar aon le faisnéis faoin gcaoi ar úsáideadh torthaí na comparáide chun na meastacháin OTI a bhailíochtú.

CAIBIDIL 5

Coigeartuithe staidrimh a bhaineann le hioncam comhchineáil agus aiscí nó séisíní

Airteagal 11

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar chineálacha éagsúla ioncaim comhchineáil agus ar chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí ina mbaintear an úsáid is coitianta as aiscí, d'fhonn coigeartuithe uileghabhálachta a dhéanamh ar OTI i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú freisin ar mhodhanna na gcoigeartuithe sin chun a n-iontaofacht a áirithiú. Déanfar na hathbhreithnithe sin gach 5 bliana ar a laghad, agus tosófar le timthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

Airteagal 12

Cumhdóidh an t-athbhreithniú ar chineálacha éagsúla ioncaim comhchineáil dá dtagraítear in Airteagal°11 na nithe seo a leanas:

(a) seirbhísí feithiclí nó earraí marthanacha eile a sholáthraítear le haghaidh úsáid phearsanta fostaithe;

(b) béilí agus deochanna, lena n-áirítear béilí agus deochanna a bhíonn ag fostaithe agus iad ag taisteal agus i mbun gnó;

(c) laghduithe praghais a fhaightear i gceaintíní saor in aisce nó fóirdheonaithe, nó a fhaightear le dearbháin lóin;

(d) iompar chuig an obair agus ón obair;

(e) earraí agus seirbhísí a tháirgtear mar aschur ó phróisis táirgthe an fhostóra féin, mar shampla, bia agus deochanna;

(f) cóiríocht saor in aisce/ranníocaíochtaí tithíochta;

(g) iasachtaí a thugtar d'fhostaithe ar rátaí laghdaithe úis;

(h) gach cineál ioncaim comhchineáil eile a mheastar a bheith suntasach ó thaobh na cainníochta de.

Airteagal 13

Cumhdófar an méid seo a leanas san athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí ina mbaintear an úsáid is coitianta as aiscí, dá dtagraítear in Airteagal°11:

(a) tacsaithe;

(b) bialanna;

(c) óstáin;

(d) gruagairí;

(e) gach gníomhaíocht eile a meastar aiscí a bheith suntasach ó thaobh na cainníochta de ina leith.

Airteagal 14

Cuirfidh na Ballstáit a meastacháin ar ioncam comhchineáil i gcomparáid le torthaí shuirbhéanna an Aontais ar chostais saothair a dhéantar gach 4 bliana toisc go n-áirítear sna suirbhéanna freisin faisnéis maidir le hioncam comhchineáil. Déanfar an chomparáid sin gach uair a bheidh torthaí shuirbhé an Aontais ar chostais saothair ar fáil.

Airteagal 15

1. Áireoidh na Ballstáit san Fhardal OIN tuairisc achoimre ar na rialacha cánach is infheidhme maidir le hioncam comhchineáil agus aiscí nó séisíní. Áireofar san Fhardal OIN freisin míniú ar an mbealach a dtugtar aird chuí sa mheastachán OTI ar na rialacha sin (e.g. trí bhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn acu ar na sonraí foinseacha agus, dá bhrí sin, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le coigeartuithe). Tosóidh sé sin leis an bhFardal OIN tar éis thimthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

2. Má dhéantar coigeartuithe le haghaidh míreanna sonracha, tabharfar tuairisc ar na foinsí sonraí agus ar an modh ríofa agus luafar luach an choigeartaithe.

3. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc freisin san Fhardal OIN ar thorthaí na n-athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal° 11 agus ar thorthaí na comparáide dá dtagraítear in Airteagal°14 agus tabharfaidh siad réasúnú agus tuairisc ar mhodhnuithe gaolmhara, i gcás inarb iomchuí. Tosóidh sé sin leis an bhFardal OIN tar éis thimthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

CAIBIDIL 6

Imscrúdú a dhéanamh ar úsáid faisnéise ó iniúchtaí fioscacha chun feabhas a chur ar uileghabhálacht meastachán OTI

Airteagal 16

Déanfaidh na Ballstáit anailís ar a indéanta atá sé iniúchtaí fioscacha a úsáid chun feabhas a chur ar uileghabhálacht meastachán OTI. Déanfar an anailís sin gach 5 bliana ar a laghad, agus tosófar le timthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

Airteagal 17

1. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar thorthaí na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal°16 san Fhardal OIN, agus tosófar leis an bhFardal OIN tar éis thimthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

2. Beidh conclúid sa tuairisc sin maidir le cé acu a fhéadfar an fhaisnéis iniúchta fhioscaigh a úsáid chun coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh táirgeadh agus ioncam a ndearnadh míthuairisciú orthu (cainníochtúil) nó chun patrúin an mhíthuairiscithe sin a chinneadh (cáilíochtúil).

3. Má dhéantar coigeartuithe uileghabhálachta bunaithe ar na hiniúchtaí fioscacha (úsáid chainníochtúil), míneofar sa tuairisc an bealach chun an fhaisnéis a tógadh ó na hiniúchtaí fioscacha a oiriúnú chun na críche sin, agus luafar luach na gcoigeartuithe.

4. Má úsáidtear iniúchtaí fioscacha go cáilíochtúil, míneofar sa tuairisc an bealach a gcuirtear na patrúin mhíthuairiscithe a sainaithníodh i bhfeidhm maidir le coigeartuithe uileghabhálachta a tógadh ó mhodhanna uileghabhálachta eile. Mura n-úsáidtear iniúchtaí fioscacha san obair uileghabhálachta, míneofar sa tuairisc na bunchúiseanna leis sin.

CAIBIDIL 7

Coigeartuithe staidrimh a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha

Airteagal 18

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cineálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha a thagann faoi réim theorainn táirgeachta CCE 2010 d'fhonn coigeartuithe uileghabhálachta a dhéanamh ar OTI i gcás inarb iomchuí agus déanfaidh siad athbhreithniú ar na modhanna a úsáidtear le haghaidh na gcoigeartuithe sin chun a n-iontaofacht a áirithiú. Déanfar na hathbhreithnithe sin gach 5 bliana ar a laghad, agus tosófar le timthriall fíorúcháin OIN 2025-2029.

Airteagal 19

Leis an athbhreithniú ar na cineálacha gníomhaíochtaí neamhdhleathacha dá dtagraítear in Airteagal°18, cumhdófar na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) striapachas (má tá sé neamhdhleathach de réir na reachtaíochta náisiúnta);

(b) táirgeadh drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí (má tá siad neamhdhleathach de réir na reachtaíochta náisiúnta);

(c) smuigleáil alcóil agus táirgí tobac;

(d) gach cineál eile gníomhaíochta eacnamaíche neamhdhleathaí a mheastar a bheith suntasach ó thaobh na cainníochta de.

Airteagal 20

Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar thorthaí na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal°18 san Fhardal OIN, agus tosófar leis an bhFardal OIN tar éis thimthriall fíorúcháin OIN 2025-2029. Áireofar san Fhardal OIN réasúnú agus tuairisc ar mhodhnuithe gaolmhara, i gcás inarb iomchuí. Má dhéantar coigeartuithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha sonracha, tabharfar tuairisc ar na foinsí sonraí agus ar an modh ríofa agus luafar luach an choigeartaithe.

Airteagal 21

1. Aisghairtear Cinneadh 94/168/CE, Euratom.

2. Déanfar tagairtí don chinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 22

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Cineálacha neamh-uileghabhálachta dá dtagraítear in Airteagal 5

Tá deighilt na ngníomhaíochtaí táirgiúla uile de réir a n-acmhainneachta neamh-uileghabhálachta le bunú ar thacar caighdeánach cineálacha neamh-uileghabhálachta. Déantar na cineálacha a lipéadú N1-N7. Tugtar tuairisc sa tábla thíos ar gach cineál neamh-uileghabhálachta (N1-N7) mar aon le samplaí de ghnéithe aonair neamh-uileghabhálachta laistigh de na cineálacha sin.

Lipéad	Cineál	Tuairisc ar chineálacha neamh-uileghabhálachta agus ar a ngnéithe
N1	**Ba cheart clárú a bheith déanta ag an táirgeoir (táirgeoir faoi thalamh)**	— Ní chláraíonn an táirgeoir chun oibleagáidí cánach agus slándála sóisialta a sheachaint. Is minic gur táirgeoirí beaga iad sin a bhfuil láimhdeachas acu a sháraíonn na tairseacha ar cheart dóibh a n-ioncam a chlárú os a gcionn. — Táirgeoirí nach gcláraíonn toisc go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, tagann siad faoi N2, seachas N1. — Ní áirítear le N1 gach gníomhaíocht faoi thalamh – tá baint ag cuid acu le N6.
N2	**Déanann táirgeoir gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhdhleathacha agus ní chláraíonn sé**	— Cumhdaítear le N2 gníomhaíochtaí táirgeoirí neamhdhleathacha a sheachnaíonn go hiomlán clárú. — Eisiatar ó N2 gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanann eintitis dhlítheanacha cláraithe nó fiontraithe a thuairiscíonn (nó a mhíthuairiscíonn) a ngníomhaíochtaí faoi chóid gníomhaíochta dlíthiúla.
N3	**Níl sé d'oibleagáid ar tháirgeoir clárú**	— Ní cheanglaítear ar tháirgeoir clárú toisc nach bhfuil aon aschur margaidh aige. De ghnáth, is táirgeoirí teaghlaigh neamh-mhargaidh iad sin a bhfuil baint acu leis na nithe seo a leanas: (i) earraí a tháirgeadh ar mhaithe lena dtomhaltas féin nó lena bhfoirmiú caipitil sheasta féin; agus (ii) teaghaisí a thógáil agus deisiúcháin a dhéanamh orthu. — Tá roinnt aschur margaidh ag an táirgeoir, ach tá sé faoi bhun an leibhéil ag a bhfuil coinne leis go gcláróidh an táirgeoir mar fhiontraí.
N4	**Níl duine dlítheanach cláraithe san áireamh sa staidreamh**	— D'fhéadfadh sé nach n-áireofaí an duine dlítheanach sa staidreamh ar chúiseanna éagsúla. Mar shampla: (i) tá an clár gnó as dáta, nó ní leor na nósanna imeachta um nuashonrú; (ii) tá na sonraí aicmiúcháin (gníomhaíocht, méid nó cóid gheografacha) mícheart; nó (iii) tá an duine dlítheanach eisiata ón gcreat suirbhéireachta toisc go bhfuil méid an tsuirbhé faoi bhun tairseach áirithe.
N5	**Níl fiontraí cláraithe san áireamh sa staidreamh**	— D'fhéadfadh sé nach n-áireofaí fiontraí cláraithe sa staidreamh ar roinnt mhaith cúiseanna. Mar shampla, an fhoinse riaracháin ina bhfuil liostaí d'fhiontraithe cláraithe, d'fhéadfadh sé nach i gcónaí a sheolfadh sí liostaí iomlána ná cothrom le dáta chuig an oifig staidrimh. — Fiú má bhíonn sreabhadh tráthrialta faisnéise cruinne agus cuimsithí ón bhfoinse riaracháin go dtí an oifig staidrimh, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí an fiontraí cláraithe sa chlár gnó ar roinnt cúiseanna (féach na cúiseanna a thugtar faoi N4).
N6	**Déanann an táirgeoir míthuairisciú ar na sonraí**	— Ciallaíonn míthuairisciú de ghnáth go ndéantar tearcthuairisciú ar aschur agus/nó go ndéantar róthuairisciú ar thomhaltas idirmheánach chun cáin ioncaim, cáin bhreisluacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a imghabháil (nó a laghdú). — Is minic gurb é a bhíonn i gceist le míthuairisciú: (i) dhá shraith leabhar a choinneáil ar bun; (ii) íocaíochtaí tuarastal imchlúdaigh a thaifeadtar mar thomhaltas idirmheánach; (iii) íocaíochtaí in airgead tirim gan admhálacha; agus (iv) calaois CBL.

Lipéad	Cineál	Tuairisc ar chineálacha neamh-uileghabhálachta agus ar a ngnéithe
N7	**Tá na sonraí faoi réir easnaimh staidrimh**	— Foroinntear N7 mar a leanas: (i) N7a – sonraí atá neamhiomlán, nár bailíodh nó nach féidir a bhailiú go díreach; agus (ii) N7b – sonraí a láimhseálann, a phróiseálann nó a thiomsaíonn staitisteoirí go mícheart. Tá an t-idirdhealú sin úsáideach chun tuiscint níos fearr a fháil ar réimse leathan na n-easnamh staidrimh féideartha. Mar sin féin, sa chleachtas, ní féidir N7a agus N7b a idirdhealú go héasca i gcónaí. — Easnaimh staidrimh: níl an liosta seo a leanas cuimsitheach, ach ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar na hábhair seo ó thaobh neamh-uileghabhálachta de: — neamhfhreagairt suirbhéanna a láimhseáil; — táirgeadh le haghaidh úsáid chríochnaitheach dhílis na dtáirgeoirí margaidh; — aiscí; — pá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil; — gníomhaíochtaí tánaisteacha. — Is léir nach n-eascraíonn gannmheastachán ar OTI as gach easnamh staidrimh. Dírítear anseo ar na réimsí sin a léiriú ar dócha go mbeidh neamh-uileghabhálacht sna cuntais náisiúnta mar thoradh orthu.

Baineann cineálacha N1 go N7 leis an gcás ina bhfaightear na sonraí foinseacha ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí. Dá bhrí sin, baineann a bpríomhchur i bhfeidhm leis an anailís ar uileghabhálacht i gcomhthéacs tiomsú OTI trí chur chuige an táirgthe. Is féidir na cineálacha sin a chur i bhfeidhm freisin ar an anailís de réir na gcineálacha cur chuige ioncaim agus caiteachais, ach is fusa é sin a dhéanamh má fhaightear na sonraí sin ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí.

Chun a áirithiú gur cineálacha neamh-uileghabhálachta sainiúla ar leith iad na cineálacha neamh-uileghabhálachta, is í an bhunloighic atá taobh thiar dá bhfoirmliú gníomhaíochtaí táirgiúla a dheighilt de réir a neamh-inbhraiteachta féideartha. Baintear é sin amach trí scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe táirgeoirí atá éasca a bhrath, agus gach saintréith á deighilt i dtacar catagóirí atá comheisiach agus uileghabhálach. Ba cheart na saintréithe a chur le chéile bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

(a) an bhfuil an táirgeoir cláraithe leis na húdaráis riaracháin nó nach bhfuil?

(b) an bhfuil an táirgeoir san áireamh sa chlár gnó staidrimh nó nach bhfuil?

(c) cad é an bhunfhoinse sonraí: suirbhé táirgeora, bailiúchán riaracháin nó foinse eile?

(d) an duine dlítheanach, fiontraí nó táirgeoir teaghlaigh neamh-mhargaidh é an táirgeoir?

(e) an bhfreagraíonn an táirgeoir suirbhéanna nó nach bhfreagraíonn?

(f) an ndéanann an táirgeoir tuairisciú ceart nó an ndéanann sé míthuairisciú?

(g) an mbailítear na sonraí uile a theastaíonn le haghaidh na gcuntas náisiúnta nó nach mbailítear?

Tá na saintréithe sin, i dteannta a chéile, mar bhonn faoi na tuairiscí ar chineálacha N1-N7 agus soláthraíonn siad miondealú cuimsitheach ar neamh-uileghabhálacht fhéideartha. Tugtar tuairisc thíos ar dhíorthú chineálacha N1-N7 agus ar a gcaidreamh.

Ba cheart a mheas ar dtús cé acu atá nó nach bhfuil táirgeoir faoi réir suirbhé nó bailiúchán riaracháin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh táirgeoir faoi réir suirbhé nó bailiúchán riaracháin ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) ní chláraíonn siad d'aon turas toisc go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí faoi thalamh (N1) nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha (N2);

(b) ní gá dóibh clárú (táirgeoirí teaghlaigh neamh-mhargaidh) (N3);

(c) is duine dlítheanach iad ach ní dhearnadh suirbhé orthu (N4);

(d) is fiontraí cláraithe iad ach ní dhearnadh suirbhé orthu (N5).

Má tá an táirgeoir faoi réir suirbhé, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na sonraí a fhaightear uileghabhálach ar cheann amháin nó an ceann eile de na cúiseanna seo a leanas:

(a) déanann an táirgeoir míthuairisciú d'aon ghnó (N6);

(b) ní bhailítear na sonraí riachtanacha nó ní dhéantar iad a phróiseáil i gceart (easnamh staidrimh) (N7).

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid na dtáblaí forbhreathnúcháin dá dtagraítear in Airteagal°5

Cineálacha agus gnéithe neamh-uileghabhálachta de réir an mhodha uileghabhálachta a chuirtear i bhfeidhm – forbhreathnú ar choigeartuithe uileghabhálachta ar aschur (úsáidfear teimpléad analógach le haghaidh tomhaltas idirmheánach agus oll-bhreisluacha agus, ar choinníoll go bhfaightear na sonraí foinseacha ó shuirbhéanna nó ó bhailiúcháin riaracháin táirgeoirí, le haghaidh na gcomhpháirteanna ábhartha de chuir chuige an chaiteachais agus an ioncaim i leith OTI)

Cineálacha agus gnéithe neamh-uileghabhálachta	Modhanna uileghabhálachta								Iomlán
	Modh 1	Modh 2	Modh 3	Modh 4	Modh 5	Modh 6	Modh 7	Modh 8	
N1									
— Gné 1									
— Gné 2									
— ...									
N2									
— Gné 1									
— ...									
N3									
— Gné 1									
— ...									
N4									
— Gné 1									
— ...									
N5									
— Gné 1									
— ...									
N6									
— Gné 1									
— ...									
N7									
— Gné 1									
— ...									
Iomlán									
%									**100 %**